# Fadhb leis an Inneall Níocháin

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sórtáil |
| **Scileanna Forbartha** | • cnuasaigh d'ábhair randamacha a shórtáil<br>• airíonna réimse ábhar agus aon/dó/trí de chnuasaigh airíonna a fhiosrú go réidh<br>• freagra a thabhairt ar cheisteanna faoi na socruithe sórtála |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sórtáil, grúpa/grúpaí, éadaí, inneall níocháin, tacair, ciseán, coitianta, is lú, is mó, difear |
| **Áiseanna** | cearnóga páipéir, criáin, pinn luaidhe, páipéar cairte, gliú |

# Fadhb leis an Inneall Níocháin

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Tá an ceacht seo bunaithe ar chéimeanna na sraithe PPDAC
https://nzmaths.co.nz/category/glossary/statistical-enquiry-cycle

1. **Gníomhaíocht 1**

   Bhí Mol Mata ar saoire agus bhí cás lán le héadaí aige. Tugann an múinteoir cearnóg páipéir do gach dalta agus tarraingíonn agus dathaíonn siad ball éadaigh amháin.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Cuireann an múinteoir an fhadhb seo a leanas i láthair don rang agus iarrann sé ar na daltaí critéir a shocrú leis na héadaí a shórtáil. Tháinig Mol Mata ar ais óna chuid saoire agus caithfidh sé na héadaí a ní. Ní rachaidh na héadaí uilig san inneall níocháin ag aon am amháin. Mar sin, caithfidh sé iad a chur i gciseáin níocháin agus iad a ní ceann ar cheann.

3. **Gníomhaíocht 3**

   Sórtálann daltaí na héadaí a rinne siad agus déanann siad picteagram.

4. **Gníomhaíocht 4**

   Pléann an múinteoir an graf leis na daltaí.

5. **Gníomhaíocht 5**

   Socraíonn na daltaí ar an dóigh ar cheart do Mol Mata na héadaí a shórtáil don inneall níocháin. Déanann an múinteoir agus na daltaí liosta le chéile do gach ualach níocháin agus míníonn siad cad chuige a bhfuil na héadaí grúpáilte ar dhóigh faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an cineál éadaigh is coitianta?<br>• Cad é an cineál éadaigh is neamhchoitianta?<br>• Cá mhéad x níos mó ná y atá ann?<br>• Cá mhéad x agus y atá ann san iomlán?<br>• Cá mhéad x níos lú ná y atá ann?<br>• Cá mhéad ciseán éadaigh atá ann? | • Cad é mar ba chóir do Mol Mata na héadaí a shórtáil? Cad chuige?<br>• An síleann tú go bhfuil ciseáin níocháin na ndaltaí eile cosúil le ciseán níocháin Mol Mata?<br>• Cad é mar atá do chiseán níocháin sa bhaile cosúil agus difriúil le ciseán Mol Mata?<br>• Dá rachadh Mol chuig an tsiopa éadaigh agus dá gceannódh sé ball éadaigh nua amháin, cad é a cheannódh sé i do bharúil? Cad chuige?<br>• An bhfuil dóigheanna eile ann na héadaí a shórtáil? Cén dóigh?<br>• An dtig leat dóigheanna eile a mholadh do Mol Mata leis na héadaí a shórtáil? Mínigh an dóigh lena dhéanamh agus an fáth.<br>• An bhfuil níos mó x nó y ann? Cad é mar atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Thig le daltaí a chríochnaíonn go luath treoracha a scríobh maidir leis an dóigh leis an níochán a dhéanamh.